

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH
31^ú LÚNASA 2013**

Ábhar

Leathanach

Ráiteas fá Dhualgais na hInstitiúide	2
Ráiteas ar Rialú Immheánach Airgeadais	3 - 5
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	6
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	7 - 9
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	10
Clár Comhardaithe	11
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	12
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	13 - 21


INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

RÁITEAS FÁ DHUALGAIS NA hINSTITIÚIDE


De réir na nAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, tá sé d'iallach ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Údarás Ardoideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Nuair atáthar ag ullmhú na ráitis seo, tá sé de dhualgas ar an Institiúid aire a thabhairt dóibh seo a leanas:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- na ráitis a ullmhú ar bhonn comhlachta rathúla murach nach bhfuil an bonn sin fóirsteanach
- aon easpa ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta cuí a léiriú agus a mhíniú.

Tá sé de dhualgas ar an Institiúid leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios, le cruinneas réasúnta, seasamh airgeadais na hInstitiúide ag am ar bith agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ar an Institiúid a cuid sócmhainní a chosaint agus nósanna imeachta réasúnta a chur i bhfeidhm le caimiléireacht agus rudaí mírialta eile a thabhairt faoi deara agus a chosc.


Fintan Moloney
Chairperson

3rd July 2014
Date


Paul Hannigan
President

3rd July 2014
Date

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA LEITIR CEANAINN

RÁITEAS AR RIALÚ INMHÉANACH AIRGEADAIS don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2013

Freagracht don Chóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a freagracht i ndáil lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach do rialú inmheánach, bunaithe ar chomhlíonadh an Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, coimeáda agus curtha i bhfeidhm. Tá an córas do rialú inmheánach bunaithe ar na próisis sin a úsáidtear chun aithne, meastachán, tosaíocht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha atá ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i mbainistíocht a gnóthaí. Ní féidir leis an córas ach cinnteacht réasúnta a thabhairt, agus ní cinnteacht dhaingean, go bhfuil cosaint déanta ar shócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh mar is cóir agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó mírialtacht, nó go mbeifear in ann iad a thabhairt faoi deara in am tráth.

Eocharghnáthaimh Rialaithe

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an Institiúid chun timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú, ina measc:

- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta agus rialacháin, cuirtear i ngníomh iad agus coinnítear suas chun dáta iad. Tá an Institiúid páirteach i bpróiseas leanúnach ar mhaithe le nósanna imeachta atá ann a uasghrádú agus polasaithe agus nósanna imeachta úra a thabhairt isteach nuair atá a leithéid oiriúnach.
- Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, feidhmíocht airgeadais in aghaidh buiséad san áireamh. Tháinig feabhas ar thráthúlacht ullmhaithe na ndrúchtchuntas reachtúil le blianta beaga anuas; críochnaíodh na drúchtchuntais reachtúla don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa i mí na Nollag 2013, dhá mhí níos luaithe ná an bhliain roimhe sin.
- Déileálann Coiste Iniúcháireachta, ag a bhfuil téarmaí tagartha soiléire, le ceisteanna suntasacha rialaithe agus cuirtear na tuarascálacha ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar fáil don choiste sin.
- Tá treoracha rialaithe sainmhínithe go soiléir ina n-áit do infheistíocht chaipitil.

Tá feidhm do iniúcháireacht inmheánach seachfhoinsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, feidhm a oibríonn de réir Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Gach bliain, cuireann pleananna d'iniúcháireacht inmheánach san áireamh réimsí de rioscaí féideartha atá aitheanta ag an bhainistíocht agus ag an Choiste Iniúcháireachta. Cheadaigh an Coiste Iniúcháireachta an Plean d'Iniúcháireacht Inmheánach do 2012/2013 i mí na Samhna 2012. Cheadaigh an Coiste Iniúcháireachta an Plean d'Iniúcháireacht Inmheánach do 2013/2014 i mí Mheán Fómhair 2013.

Bainistiú Riosca

I mí na Nollag 2012, rinne an Bord Rialaithe an Polasaí Bainistíochta Riosca a athbhreithniú agus a cheadú. Tá forbairt déanta ar chlár riosca a chlúdaíonn an Institiúid go léir agus dhéanfaidh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide athbhreithniú air dhá uair sa bhliain. Níl an Institiúid i bhfad ag leabú cleachtais do bhainistiú foirmeálta ar rioscaí ina cuid gníomhaíochtaí go léir agus admhaíonn an bhainistíocht gurb é seo réimse d'fhorbairt leanúnach. Déanann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide an clár riosca a athbhreithniú dhá uair sa bhliain.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Tá athbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach curtha ar an eolas acu seo a leanas:


- Oifigigh sinsearacha laistigh den Institiúid a bhfuil freagracht acu forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar chreat do rialú inmheánach.
 - Tá próisis agus gnáthaimh oibre in eochairghníomhaíochtaí na hInstitiúide deartha lena chinntiú go bhfuil idirdheighilt oiriúnach cuí déanta ar dhualgaisí.
 - Déanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide i rith na bliana, comparáidí leis an bhuiséad san áireamh. Roimh 2013, ní raibh ach sonraí caiteachais sna tuairiscí seo. Ach ó 2013 ar aghaidh, tá anailís níos cuimsithigh le feiceáil ar ioncam agus caiteachas
- An Coiste Iniúcháireachta a chabhraíonn leis an Bhord Bainistíochta i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí maoirseachta.
 - Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar chuid oibre na hIniúcháirí Inmheánacha agus uair amháin sa bhliain, ar a laghad, casann siad leis na hIniúcháirí Inmheánacha le hathbhreithniú a dhéanamh ar a bpleananna agus a ngníomhaíochtaí.
 - Cuirtear breithniúcháin an Choiste Iniúcháireachta agus aon cheisteanna inní in iúl don Bhord Rialúcháin.
 - Tugadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2013 don Bhord Rialúcháin i mí na Nollag 2013.
- Iniúcháirí Inmheánacha na hInstitiúide.
 - Nuair atá réimsí á n-aithint i gcomhair athbhreithnithe, déantar machnamh ar rioscaí don Phlean Iniúcháireachta Inmheánaigh.
 - Cuireann na hIniúcháirí Inmheánacha a gcuid oibre i gcrích de réir an Phlean Iniúcháireachta Inmheánaigh. Nuair a bhaineann an obair le córas rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide, cuireann na hIniúcháirí Inmheánacha tuairiscí faoi bhráid a thugann dearbhú neamhspleách ar leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide, maraon le moltaí feabhsúcháin. Cuirtear na tuarascálacha seo ar fáil do Choiste Iniúcháireachta Inmheánaigh na hInstitiúide a thuiriscíonn go díreach chuig an Bord Bainistíochta.
 - Le linn na bliana dar chríoch 31 Lúnasa 2013, rinne na hIniúcháirí Inmheánacha athbhreithniú ar na rialúcháin a bhí i bhfeidhn do pháipéir scrúdaithe, ioncam ó Dheontais Stáit, ioncam ó Tháillí Teagaisc, táillí do Chlárú Mac Léinn, Cuntais Infhála agus Taisteal agus Cothabháil. Bhí sé mar thoradh ar na hathbhreithnithe seo go bhfuarthas toradh ard-riosca amháin, ar déileáladh leis, ocht dtoradh le riosca measartha agus dhá thoradh le riosca íseal. Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar dhul chun cinn na hInstitiúide i dtabhairt faoi thorthaí an Choiste Iniúcháireachta.
- Na nótaí tráchta a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste don Choiste Iniúcháireachta ina litir bainistíochta agus tuairiscí eile i dtaca leis an iniúchadh.


Dearbhaímid go ndearna an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa, 2013, i mí Feabhra 2014.


Dearbhaímíd chomh maith go ndearna an Bord Bainistíochta faomhadh ar an Chód Rialachais is déanaí d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2013. Tá an Bord Bainistíochta tiomanta chun cur i ngníomh iomlán a dhéanamh ar an Chód is déanaí.


Gníomhaíochtaí ar bun

- Thabhaigh an tInstitiúid easnaimh oibriúcháin do gach ceann de na trí bhliana dar chríoch 31 Lúnasa 2011, 31 Lúnasa 2012 agus 31 Lúnasa 2013, agus tá tionscnaimh aitheanta aici chun an tInstitiúid a thabhairt ar ais go dtí staid chothromaithe buiséid sa mheántearma.
- Tá an tInstitiúid ag obair i dtreo polasaithe agus nósanna imeachta a thabhairt isteach nó a athbhreithniú sna réimsí seo a leanas le linn 2014 agus 2015: Cód Iompair d'Fhostaithe, an Polasaí um Chosaint Sonraí, Práinnfhreagairt / Teagmhais Chriticúla / Leanúnacht Gnó, Calaois, Soláthrú, Taisteal agus Cothú.
- Cheadaigh an Bord Bainistíochta an Polasaí do Bhainistíochtaí Riosca na hInstitiúide i mí na Nollag 2012. Tá an Institiúid ag obair i dtreo cur i bhfeidhm iomlán an pholasaí i ngach uile ghníomhaíocht.
- Tá an tInstitiúid ag obair i dtreo cur i ngníomh iomlán a dhéanamh ar an Chreat Rialaithe Inmheánaigh.
- Tá an tInstitiúid ag obair i dtreo comhlíonadh níos leithne le Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.


Fintan Moloney
Chairperson


Date


Paul Hannigan
President


Date



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2013 iniúchta agam de réir Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmháíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncain agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is iad Achtanna na nInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus an cleachtas cuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta in Éirinn an creat do thuairiscí airgeadais a úsáideadh ina n-ullmhúchán.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá sé d'fhreagracht ar an Institiúid na ráitis airgeadais a ullmhú, chun a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar an staid ina bhfuil gnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus chun rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairiscí a dhéanamh orthu de réir Achtanna na hInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stáit i ndáil lena mbainistíú agus a bhfeidhmíú.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí atá eisithe ag an Bhord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Séard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeanna agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhífhaisnéis ábhartha, cibé mar gheall ar chalaíocht nó earráid. Tá siad seo a leanas áirithe sa chás seo:

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hInstitiúide, gur cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus go ndearnadh nochtadh cruinn orthu.
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn ullmhúcháin na ráitis airgeadais, agus
Le linn na hinúcháireachta chomh maith, lorgaím fianaise fá rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a hullmháíodh go cúí de réir chleachtais chuntasaíochta na

hÉireann, léargas fíorcheart cothrom ar riocht gnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2013 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch sin.

Is mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chuntais ceart cothrom. Tá na ráitis airgeadais ag cur leis na leabhair chuntais.

Ábhair a Thuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá de dhíth orm i gcóir m'iniúchadh, nó
- má tugadh faoi deara le linn m'iniúchta go raibh aon chás ábhartha ann nuair nár úsáideadh airgead don chúis a bhí beartaithe faoina choinne nó nuair nach raibh na hidirbhearta in oiriúint do na húdaráis a bhí ina mbun, nó
- mura dtaispeánann an ráiteas ar an rialú inmheánach go bhfuil an Institiúid ag cloí leis an Chód Cleachtais do Rialachas Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím nithe ábhartha ar bith eile a bhaineann leis an dóigh ina ndearnadh gnó poiblí a stiúradh.

Athbhreithniú ar Rialú Inmheánach

Taispeánann an ráiteas ar rialú inmheánach go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe na hInstitiúide don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2013 i mí Feabhra 2014.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

9 Iúil 2014

Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa, 2013

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta tábhachtacha atá glactha ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn:

1. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta atá inghlactha go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (díomaite de mhaoín áirithe atá luaite ag a luacháil) agus de réir riachtanais an Údaráis um Ardoideachais.

Faoi Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2007, aistríodh feidhmeanna agus maoiniú áirithe a bhí roimhe sin a gcur ar fáil ag an Aire Oideachais agus Scileanna, chuig an Údarás um Ardoideachais.

2. AITHEANTAS IONCAIM

Deontais Stáit:

Tuairiscítear deontais atréimhseacha ón Údarás um Ardoideachais nó ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad dlíte.

Maidir le deontais neamh-atréimhseacha ón Údarás um Ardoideachais, nó ó chomhlachtaí eile, a fhaightear do cheannach nó do thógáil sócmhainní seasta, tuairiscítear iad mar dheontais chaipitiúla iarchurtha agus déantar iad a amúchadh ar aon dul leis an dímheas thar shaolré na sócmhainní.

Mion-Oibreacha Caipitúla:

Thug an tAire Oideachas agus Scileanna isteach scéim ar mhaithe le freagracht d'Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitúla eile a thabhairt don Institiúid. Sa chás nach gcaitear airgead cineachta, i ndáil leis an scéim seo, aithnítear an t-airgead sin mar ioncam iarchurtha, fhad is go bhfuil na tograí a raibh siad tiomanta dóibh ceadaithe ag an Bhord Bainistíochta, go bhfuil siad sainmhínithe go soiléir, go bhfuil am leagtha síos dóibh agus go bhfuil na costais measta faoina gcoinne.

I ngach cás eile, aithnítear maoiniú ó dheontas cineachta sa tréimhse ina bhfaightear é.

Deontais Taighde agus Conarthaí:

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a mheaitseáil leis an chaiteachas agus áirítear é in ioncam na bliana inar tharla an caiteachas a bhain leo. Tá soláthar iomlán ar fáil do chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú.

Taispeántar iomlán ioncam agus caiteachas taighde faoin cheannteideal 'Deontais Taighde agus Conarthaí'. Tá soláthar iomlán ar fáil do chaillteanas a d'fhéadfadh tarlú.

Ioncam ó Tháillí:

Déantar ioncam ó tháillí a chuntas ar bhonn fabhráithe. Déantar iomlán ioncaim ó tháillí a áireamh anois faoin cheannteideal seo, ina n-áirítear Foghlaim Fadsaoil agus Táillí Eile. Áit bith a dheimhníon an Institiúid nach bhfuil an t-ioncam aitheanta neamhbhailithe, déanann an Institiúid soláthar oiriúnach don mhéid nach féidir a bhailiú agus cuirtear é seo in iúl mar speansais ar leith.

Ioncam ó Ús:

Déantar iomlán ioncaim ó thaiscí gearrthéarmacha a bhreacadh chun sochair sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleamh é.

3. STOC

Cuirtear caiteachas ar leabhair agus stoc inchaite mar mhuirear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a tharlaíonn siad.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA agus DÍMHEAS

Déantar sócmhainní seasta, diomaite de thalamh, a thuairisciú ag a luacháil nó a gcostas stairiúil lúide dímheas charntha. Déantar talamh a thuairisciú ag a luacháil nó a chostas stairiúil.

(a) COSTAS NÓ LUACHÁIL

Déantar sócmhainní seasta a bhí ann ar an 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe tosaigh) a thuairisciú ag a luacháil. Tá an bonn luachála talaimh agus foirgneamh leagtha síos i Nóta 14. Déantar sócmhainní breise a fhaightear níos moille a thuairisciú de réir costais.

Maidir le foirgnimh a bhfuiltear á dtógáil, déantar a luacháil a mheas ar chostas atá bunaithe ar theastais an ailtire agus ar chostas dhíreacha eile a caitheamh suas go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní chuirtear dímheas ina leith go dtí go mbaintear úsáid astu.

(b) TREALLAMH

Ón 1 Meán Fómhair 2009, déantar trealamh a chosain níos lú ná €3,000 an t-aonad a dhíscríobh chuig an cuntas ioncaim agus caiteachais ó bhliain a fhaighte. Sa chás go bhfuil píosaí aonair trealaimh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe €3,000, agus go bhfuil sonrasc iomlán an cheannacháin os cionn an teorainn, déantar na hearraí sin a chaipitliú ar an ghnáthbhealach

(c) DÍMHEAS

Maidir le homlán sócmhainní a ceannaíodh agus a ndearnadh caipitliú orthu roimh 1 Meán Fómhair 2008, leanfar ar aghaidh ag plé leo mar shócmhainní seasta agus déanfar iad a luachlaghdú go dtí deireadh a saolré úsáideach.

Áirítear dímheas ar shócmhainní seasta, seachas talamh, ar bhunús méid chothroim ar mhaithe le díscríobh a dhéanamh ar a gcostas stairiúla nó luachála de réir mar atá measta dá saolré úsáideach, mar a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	50
Daingneáin agus Feisteas, Foirgnimh réamhdhéanta	10
Trealamh Ríomhaireachta	3
Gléasra agus Innealra	10
Trealamh	5
Mótarfheithicilí	5

Déantar iomlán trealamh a maoiníodh ó Dheontais Taighde agus Conarthaí a luachlaghdú thar shaolré na sócmhainne de réir an pholasaí atá i bhfeidhm d'iomlán Sócmhainní Seasta eile.

Déantar Talamh agus Foirgnimh atá glactha ar léas a luachlaghdú thar shaolré an léasa.

5. AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtracha isteach go Euro agus déantar iad a thuairisciú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbhearta. Déantar sócmhainní agus fiacha airgid atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chlár chomhardaithe

6. PINSIN

Ón 1 Eanáir 2013, tá iomlán fostaithe nua ina mbaill den scéim pinsin aonair na hearnála poiblí. Bronntar iomlán eile teidlíochtaí pinsin na foirne faoi scéim sainithe sochair a bunaíodh de bhua an Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980, agus is é an Státchiste a íocann na pinsin sin de réir mar a thagann siad chun tosaigh.

Feidhmíonn an scéim aoisliúntais ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' agus ar an tséala sin, coinníonn an tInstitiúid na hasbhaintí aoisliúntais a bhaintear ó fhostaithe mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Ní thugann an tInstitiúid aon chionroinnt don scéim agus níl aon oibleagáid uirthi i ndáil le teidlíochtaí.

7. DEONTAIS CHAIPITIÚLA IARCHURTHA

Is ionann Deontais Chaipitiúla Iarchurtha le luacháil amúchta na gcistí carntha atá curtha ar leataobh do shócmhainní seasta.

8. CÚLCHISTE CAIPITIÚIL FORBRAÍOCHTA

Is éard atá i gceist leis an Cúlchiste Caipitiúil Forbraíochta ná an maoiniú atá curtha ar leataobh ag an Institiúid faoi choinne cuspóirí forbartha caipitiúla faoi leith. Tagann a mhacasamhail de thabhartais ranníocaíochta Mac Léinn, ó thabhartais neamh-Stáit, ó tháillí saoráidí baincéireachta agus ó aistriú ó Chúlchistí Ioncaim, agus, sa chás deireanach sin, a bhfuil réamhchead faighte dóibh ón Údarás um Ardoideachais, maraon le hús bainc a thuill an t-airgead sin. Coimeádfar a leithéid de chistí i gCuntas an Chúlchiste Caipitiúil Forbraíochta, ar choinníoll go bhfuil na tograí sainmhínithe a bhfuil siad geallta dóibh ar aon dul le Plean Forbartha Caipitil na hInstitiúide, go bhfuil siad ceadaithe ag an Bhord Bainistíochta, go bhfuil sprioc am leagtha síos dóibh agus go bhfuil réamh-mheastacháin ar chostais in éineacht leo.

9. ACMHAINNÍ AR CÍOS

Gearrtar cíos ar réadmhaoin, atá faoi léas oibriúcháin, sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse inar gabhadh an caiteachas

Cuntas Ioncaim agus Caitheachas don Bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013

IONCAM	NÓTA	2013 €'000	2012 €'000
Deontas Stáit	1	12,496	12,860
Táillí Teagaisc	2	9,303	8,931
Amúchadh ar Dheontais Chaipitiúla Iarchurtha	17	2,250	2,273
Deontais Taighde agus Conarthaí	3	1,160	1,049
Gníomhaíochtaí Eile do Ghineadh Ioncaim	21	440	325
Ioncam Eile	5	2,276	2,254
Ioncam aitheanta ó Mhaoiniú Tacaíochta Mac Léinn	4	510	391
Ús at Ioncam		222	299
		28,657	28,382
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	6	17,395	17,456
Seirbhísí Acadúla	7	786	786
Costais Áiseanna	8	1,558	1,643
Riarachán Larnach agus Seirbhísí	9	3,800	4,119
Speansais Ginearálta Oideachais	10	903	925
Seirbhísí Mac Léinn	11	914	868
Deontais Taighde agus Conarthaí	3	1,160	1,049
Gníomhaíochtaí Eile do Ghineadh Ioncaim	21	433	384
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn curtha i bhfeidhm	4	490	473
Dímheas	14	2,250	2,273
		29,689	29,976
EASNAMH OIBRIÚCHÁIN		(1,032)	(1,594)
AISTRÍÚ CHUIG CÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIÚIL	20	0	0
BARRACHAS CARNTHA AR AN 1 MEÁN FÓMHAIR		5,279	6,873
BARRACHAS CARNTHA ar an 31 Lúnasa		4,247	5,279

Níl aon ghnóthachain nó cailteanais ann seachas na cinn a aithnítear thuas.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na Nótaí 1 go 27 ina bpáirt de na ráitis airgid.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe :

Cathaoirleach _____
Fintan Moloney

Uachtarán _____
Paul Hannigan

Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31 Lúnasa 2013

	NÓTA	2013 €'000	2012 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	14	72,761	73,545
		72,761	73,545
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	15	1,912	2,804
Airgead sa bhanc agus ar láimh		6,787	7,681
		8,699	10,485
DLITEANAIS REATHA			
Creidiunaithe agus Speansais Fhabhráithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	16	2,793	2,846
		5,906	7,639
GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA			
		78,667	81,184
Léirithe ag :			
Deontais Chaipitiúil Iarchurtha	17	72,761	73,545
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		4,247	5,279
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	20	1,659	2,360
		78,667	81,184

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasafochta, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na Nótaí 1 go 27 ina bpáirt de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bord Rialaithe :

Cathaoirleach

Fintan Moloney

Uachtarán

Paul Hannigan

Ráiteas Sreabhaidh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Lúnasa 2013	2013	2012
	€'000	€'000
Réiteach ar easnamh oibriúcháin le eis-sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Easnamh Oibriúcháin	(1,032)	(1,594)
Ioncam ó ús	(222)	(299)
Dímheas	2,250	2,273
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(2,250)	(2,273)
Laghdú sna fiachóirí	892	830
(Laghdú)/ Méadú sna Creidiúnaithe	(53)	439
Eis-sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(415)	(624)
Ráiteas Sreabhaidh Airgid		
Eis-sreabhadh Airgid Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(415)	(624)
Ús Faighte	222	299
Caiteachas Caipitiúil		
Íocaíochtaí ar mhaithe le Sócmhainní Seasta a fháil	(1,466)	(4,542)
Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	-
<i>Eis-sreabhadh Airgead Glan faoi choinne caiteachas caipitiúil</i>	(1,466)	(4,542)
Maioniú		
Deontais Chaipitiúla Stáit caite ar Sócmhainní Seasta	192	3,053
Deontais Stáit Atréimseacha caite ar Sócmhainní Seasta	497	1,314
Airgead eile caite ar Sócmhainní Seasta	76	175
<i>Insreabhadh Airgead Glan ó Mhaoiniú</i>	765	4,542
Laghdú in Airgead Tirim	(894)	(325)
Réiteach ar shreabhadh airgead glan le gluaiseacht i gcistí glan		
Laghdú in Airgead Tirim	(894)	(325)
Oscailt cistí glan	7,681	8,006
Cistí glan ar an 31 Lúnasa	6,787	7,681

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na Nótaí 1 go 27 ina bpáirt de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe:

Cathaoirleach

Fintan Moloney

Uachtarán

Paul Hannigan

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. DEONTAIS STÁIT	Leithdháilte do	Leithdháilte do	Iomlán 2013 €'000	Iomlán 2012 €'000
	Chaiteachas Atréimseach €'000	Chaiteachas Caipitiúil €'000		
Deontas Stáit do Chaiteachas Atréimhseach - HEA	11,911	497	12,408	13,506
Deontas Stáit do Chaiteachas Atréimseach - HEA (Altracht)	585	-	585	668
Deontas Stáit do Mhion-Oibreacha Caipitiúla - Roinn Oideachas & Scileanna	-	-	-	162
Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitiúil - Roinn Oideachas & Scileanna	-	192	192	2,891
Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitiúil - Fiontar Éireann	-	-	-	(46)
Iomlán - 2013	12,496	689	13,185	17,181
Iomlán - 2012	12,860	4,321	-	17,181

Tugann Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) fóirdheontas do chostas iomlán chúrsaí áirithe Ardeastais agus Gnáthchéime ag leibhéal náisiúnta. Tá Deontais Stáit do Chostas Atréimseach páirtmhaoinithe ón tacaíocht AE seo. Ón 1 Feabra 2007, ghlac an tÚdarás um Ardoideachas freagracht ón Roinn Oideachais agus Scileanna don mhaoiniú do chaiteachas atréimseach neamh-altrachta.

2. TÁILLÍ TEAGAISC	2013	2013	2012	2012
	Líon Mac Léinn (WTE) €'000	€'000	Líon Mac Léinn (WTE)	€'000
Táillí íoctha ag an Stát	2,647	3,231	2,374	3,658
Táillí Neamh-AE	2	13	1	1
Táillí íoctha ag mic léinn nó thar ceann mac léinn	154	374	478	407
Táillí d'Fhoghlaim ar feadh an tSaoil agus Eile	77	51	39	51
Ranníocaíocht Mac Léinn	-	5,634	-	4,814
	2,880	9,303	2,892	8,931

D'íoc an Roinn Oideachais agus Scileanna táillí teagaisc de €2,072,971 (2012: €2,050,653) sa bhliain faoi choinne cúrsaí céime lánaimseartha agus €1,069,588 (2012: €1,497,231) faoi choinne cúrsaí ardeastais agus gnáthchéime. Tá iomlán na gcostas páirtmhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Chomh maith leis sin, thuill an Institiúid táillí eile de €88,000 ó Fáilte Éireann, Boird um Oilíúint san Oideachas, Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn na hÉireann agus táillí ilchineálacha eile.

Léirítear líon na mac léinn mar choibhéis lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

3. DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ

	2013	2012
Ioncam	€'000	€'000
Deontais Taighde agus Conarthaí	1,171	1,090
Lúide: Ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí leithdháilte chuig caipiteal	(11)	(41)
Glan-ioncam	<u>1,160</u>	<u>1,049</u>
Caiteachas		
Costais Pá	699	577
Costais Neamhphá	461	472
Costais Iomlán	<u>1,160</u>	<u>1,049</u>
Toradh Glan	<u><u>0</u></u>	<u><u>0</u></u>

Áirithe san Ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí, tá €9,481 (€23,875 in 2012) i leith athshlánú forchostais. Léiríonn an t-iarmhéid na costais dhíreach a fuarthas ar ais ó obair thaighde a rinneadh, mar atá mínithe faoi na mírchinn Caiteachais thuasluaite.

4. MAOINIÚ TACAÍOCHTA MAC LÉINN

	Míchumais	Cabhair	2013	2012
	€'000	Mac Léinn	€'000	€'000
		€'000		
Iarmhéid ar an 1 Meán Fómhair 2012	(5)	(3)	(8)	74
Fáltais:				
An tÚdarás um Ardoideachais	297	237	534	410
Lúide: Fáltais leithdháilte chuig Caipiteal	(24)	-	(24)	(19)
Fáltais Glan	<u>273</u>	<u>237</u>	<u>510</u>	<u>391</u>
Méideanna curtha i bhfeidhm:				
Costais Pá	184	-	184	164
Costais Neamhphá	69	237	306	309
	<u>253</u>	<u>237</u>	<u>490</u>	<u>473</u>
Iarmhéid ar an 31 Lúnasa 2013	<u><u>15</u></u>	<u><u>(3)</u></u>	<u><u>12</u></u>	<u><u>(8)</u></u>

Cuirtear an maoiniú ar fáil ón Údarás um Ardoideachais faoin Phlean Forbartha Náisiúnta agus páirt-mhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

5. IONCAM EILE

	2013	2012
	€'000	€'000
Asbhaintí Aoisliúntais Coimeádta	1,202	1,167
Cíos ar Áiseanna	95	99
Forchostas an Taighde Lárnaigh	159	178
Ioncam Ilchineálach	820	810
IOMLÁN	2,276	2,254

6. RANNÓGA ACADÚLA

	2013	2012
	€'000	€'000
Costais Pá	16,390	16,459
Costais Neamhphá:	1,005	997
IOMLÁN	17,395	17,456

7. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA

	2013	2012
	€'000	€'000
Costais Pá	608	585
Costais Neamhphá	178	201
IOMLÁN	786	786

8. COSTAIS ÁISEANNA

	2013
	€'000
Costais Pá	482
Costais Neamhphá:	1,076
IOMLÁN	<u>1,558</u>

9. RIARACHÁN LÁRNACH AGUS SEIRBHÍSÍ

	2013
	€'000
Costais Pá	2,873
Costais Neamhphá:	927
IOMLÁN	<u>3,800</u>

10. SPEANSAIS GINEARÁLTA OIDEACHAIS

	2013
	€'000
Costais Pá	523
Costais Neamhphá:	380
IOMLÁN	<u>903</u>

11. SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN

	2013	2013	2013
	€'000	€'000	€'000
	Costas Foirne	Neamhphá	Iomlán
Fóirdheontais chuig Clubanna, Cumainn agus Aontas na Mac Léinn	132	332	464
Seirbhísí Mac Léinn	41	337	378
Seirbhísí Comhairleacha ar Shlite Bheatha	-	6	6
Sláinte agus Comhairliú	-	66	66
IOMLÁN	<u>173</u>	<u>741</u>	<u>914</u>

2012
€'000

601
1,042

1,643

2012
€'000

3,028
1,091

4,119

2012
€'000

584
341

925

2012
€'000

Iomlán

420
359
6
83

868

12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Speansais eile			2013 €'000	2012 €'000
	Costais Foirne €'000	Dímheas €'000	oibriúcháin €'000		
Deontais Taighde agus Conarthaí	699	112	461	1,272	1,182
Ranna Acadúla	16,390	397	1,005	17,792	17,816
Seirbhísí Acadúla	608	7	178	793	796
Costais Áiseanna	482	1,583	1,076	3,141	3,209
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	2,873	128	927	3,928	4,299
Costais Ginearálta Oideachais	523	-	380	903	925
Gníomhaíochtaí Eile Ginte Ioncaim	255	4	178	437	391
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	184	19	306	509	490
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	173	-	741	914	868
2013 Iomlán	22,187	2,250	5,252	29,689	29,976
2012 Iomlán	22,411	2,273	5,292	-	29,976
Anailís ar Chaiteachais Oibriúcháin Eile				2013 €'000	2012 €'000
Aistriú go Cúlchiste Forbartha Caipitiúil d'Áiseanna Mac Léinn &rl.				-	-
Ábhair agus Tomhaltain Eile				380	437
Solas, Teas agus Cumhacht				514	477
Costais Deisiúcháin agus Cothabhála				460	363
Ábhar priontáilte, leabhair agus irisí				170	206
Taisteal agus Cothú				386	399
Priontáil, Páipéarachas, Postas agus Speansais Oifige Eile				164	227
Cíos, Rátaí agus Costais Árachais				196	225
Earcaíocht, traenáil &rl.				394	421
Táille Iniúcháireachta				28	28
Costais Sainchomhleoireachta				187	196
Ceannacháin Trealamh (neamhchaipitlithe)				117	103
Cothabháil ríomhairí, bogearraí agus ceadúnais				333	261
Slándáil agus Cothabháil Talún				101	173
Seirbhís Leighis				66	83
Cumarsáid				82	84
Fógraíocht agus Margaíocht				145	197
Seirbhís Bainistíochta na hInstitiúide				75	69
Diúscairt Dramhaíola				15	18
Sláinte agus Sábháilteacht				19	29
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn				306	309
Táillí Clárúcháin Mac Léinn				675	709
Forbairt agus Bailíochtú na gCúrsaí				19	71
Drochfhiacha				200	41
Speansais Eile				220	166
Iomlán				5,252	5,292

13. CÁNACHAS

Tá Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn saor ó Cháin Chorporáide de bharr ordú mar stádas carthanach.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Talamh agus Foirgnimh	Foirgnimh á dtógáil	Daingneáin agus Feisteas	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Gléasra agus Innealra	Mótar-fheithiclí
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas nó Luacháil							
Ag 1 Meán Fómhair 2012	109,760	88,103	51	147	11,464	9,501	40
Breiseanna	1,466	1,092	37	10	149	178	-
Aistriú Sócmhainní le linn Tógála	0	51	(51)	-	-	-	-
Diúscairt	(83)	-	-	-	(80)	(3)	-
	<u>111,143</u>	<u>89,246</u>	<u>37</u>	<u>157</u>	<u>11,533</u>	<u>9,676</u>	<u>40</u>
Dímheas							
Ag 1 Meán Fómhair 2012	36,215	16,028	-	35	11,182	8,912	40
Táille don bhliain	2,250	1,559	-	17	224	333	-
Diúscairt	(83)	-	-	-	(80)	(3)	-
	<u>38,382</u>	<u>17,587</u>	<u>-</u>	<u>52</u>	<u>11,326</u>	<u>9,242</u>	<u>40</u>
Leabharluach Glan							
Ag 31 Lúnasa 2013	<u>72,761</u>	<u>71,659</u>	<u>37</u>	<u>105</u>	<u>207</u>	<u>434</u>	<u>319</u>
Leabharluach Glan							
Ag 31 Lúnasa 2012	<u>73,545</u>	<u>72,075</u>	<u>51</u>	<u>112</u>	<u>282</u>	<u>589</u>	<u>436</u>

Costas nó Luacháil:

Luacháladh talamh agus foirgnimh ar an 1 Eanáir, 1993 ar bhunús na dtreoirlínte a mhol an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Is cuibhreas ag gníomhú thar ceann an Roinn Oideachais agus Scileanna a rinne fhorbairt ar chóras ríomhaireachta na hInstitiúide, i ndáil le clárú mac léinn &rl. Chuir an cuibhreas an córas seo ar fáil don Institiúid. Níl ach na costais chaipitiúla a d'íoc an Institiúid í féin luaite istigh sa Chlár Comhardaithe.

15. FIACHÓIRÍ AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

	2013	2013	2012	2012
	€'000	€'000	€'000	€'000
Teagasc agus Táillí Eile	349	-	662	-
Lúide Soláthar do Dhrochfhiacha	(349)	-	(356)	306
Deontas Stáit Atréimseach - an tÚdarás um Ardoideachais	-	676	-	767
Deontas Stáit Atréimseach - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	-	-	-	116
Deontas Caipitil Stáit agus Eile	-	169	-	343
Deontais Taighde agus Conarthaí	-	228	-	258
Gníomhaíochtaí Féinmhaointhe	-	57	-	64
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	-	3	-	8
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhrúithe	-	447	-	291
Fiachóirí Eile	411	-	644	-
Lúide Soláthar do Dhrochfhiacha	(79)	332	(72)	572
Deontais Chothabhála	-	-	-	79
Iomlán		<u>1,912</u>		<u>2,804</u>

16. CREIDIÚNAITHE AGUS SPEANSAIS FHABHRAITHE

	2013	2012
	€'000	€'000
MÉIDEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN		
Íocaíochtaí Réamhíochta:		
Deontais Taighde agus Conarthaí	853	832
Gníomhaíochtaí Féinmhaionithe	508	605
Ioncam Iarchurtha ó Mhaoiniú Tacaíochta Mac Léinn	15	-
Teagasc agus Taillí Eile Réamhíochta	198	186
Deontais Cothabhála	5	-
	<u>1,579</u>	<u>1,623</u>
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe	55	77
PAYE /PRSI	539	547
CBL	122	109
Cáin Shiarchoinneálach	4	4
Cáin Conartha Ábhartha	4	1
Creidiúnaithe Eile	150	156
Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha	340	329
	<u>1,214</u>	<u>1,223</u>
	<u>2,793</u>	<u>2,846</u>

17. DEONTAIS CAIPITIÚLA IARCHURTHA

	2013	2012
	€'000	€'000
Iarmhéid Tosaigh	73,545	71,276
Deontais Chaipitiúla Infhála		
Deontais Chaipitiúla ón Stát - Roinn Oideachais agus Scileanna	192	2,891
Mionobreacha Caipitiúla - Roinn Oideachais agus Scileanna	-	162
Leithdháilte ó Dheontas Stáit Atréimhsigh - An tÚdarás um Ardoideachais	497	1,314
Deontais Chaipitiúla Stáit - Fiontar Éireann	-	(46)
Leithdháilte ó Mhaoiniú Tacaíochta Mac Léinn	24	19
Leithdháilte ón Chúlchiste d'Fhorbairt Chaipitiúil	701	-
Deontais Chaipitiúla/Maoiniú Eile	52	202
	<u>75,011</u>	<u>75,818</u>
Díúscairt	(83)	(65)
Scaoileadh chuig Ioncam		
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	(2,250)	(2,273)
Díúscairt	83	65
Iarmhéid Deiridh	<u>72,761</u>	<u>73,545</u>

18. CEANGALTAIS CHAIPITIÚLA AR CONRADH ACH GAN A BHEITH CURTHA AR FÁIL

Bhí ceangaltais chaipitiúla measta de €246,576 ann ag deireadh na tréimhse.

19. Deontais Chothabhála Mac Léinn	2013	2012
	€'000	€'000
Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	993	1,944
Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Aonad Tacaíochta Mac Léinn)	436	859
Íocaíochtaí le Mic Léinn	(917)	(1,975)
Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe)	(428)	(859)
Glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) Airgid	84	(31)
Iarmhéid Tosaigh	(79)	(48)
Iarmhéid Deiridh	5	(79)
<p>Próiseálann an Institiúid íocaíochtaí do mhic léinn i ndáil le deontais chothabhála ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE) atá curtha i iúl ag an Choiste Gairmoideachais nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú ar fáil do na híocaíochtaí seo le cómhaoiniú ón CSTE. Ní chuirtear na bearta seo isteach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais leo féin.</p>		
20. Cúlchiste d'Fhorbairt Chaipitil	2013	2012
	€'000	€'000
Iarmhéid ar an 1 Mean Fómhair 2012	2,360	2,360
Ranníocaíocht Mac Léinn	-	-
Ús	-	-
Ranníocaíocht chuig Caipiteal (Úsáidte sa Bhliain)	(701)	-
Iarmhéid Deiridh ar an 31 Lúnasa 2013	1,659	2,360
21. Gníomhaíochtaí Eile do Ghineadh Ioncaim	2013	2012
	€'000	€'000
Ioncam		
Ionad Forbartha Gnó Nua	230	140
An Dánlann, Ionad na Mac Léinn	214	185
Ioncam Iomlán	444	325
Lúide: Ioncam Leithdháilte chuig Caipiteal	(4)	-
Glan-ioncam	440	325
Caiteachas		
Costais Pá	255	254
Costais Neamhphá	178	130
	433	384

Toradh Glan

7 (59)

22. Ceangaltais faoi Réadmhaoin ar Léas

Ag deireadh na bliana, bhí ceangaltais ag an Institiúid faoi réadmhaoin ar léas a imeodh as feidhm mar a le

	2013	2012
	€'000	€'000
Laistigh de 1 bhliain	70	77
Idir 1 agus 5 bliana	272	305
Níos mó ná 5 bliana	-	-
	<u>342</u>	<u>382</u>

23. Teagmhasachtaí

Ní raibh aon teagmhasacht ann ar an 31 Lúnasa 2013.

24. Nochtadh Idirbhearta - Baill den Bhord Rialaithe

I ngnáth chúrsaí gnó, is féidir leis an Institiúid socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil spéis acu ann ar dhóigh eile. Tá nósanna imeachta glactha ag an Institiúid de réir an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú maidir le nochtadh spéise ag baill den Bhord agus chloígh an Institiúid leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana.

25. Fostaithe

Bhí an gnáth uimhir fostaithe (coibhéis lánaimseartha) le linn na bliana ionann le 356 (370 in 2012).

26. Stádas Airgeadais

Thabhaigh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn easnamh oibriúcháin i ngach ceann de na trí bliana dar críoch 31 Lúnasa 2011, 31 Lúnasa 2012 agus 31 Lúnasa 2013. Tá an Institiúid feasach go mbeadh ídiú cúlchistí mar thoradh ar thuilleadh easnamh den chineál céanna, rud a thógfadh ceisteanna fá ghnóthas leantach na hInstitiúide sa ghartearma go meántearma. I measc na bhfachtóirí a chuireann leis na heasnamh seo, tá siad seo a leanas:

1. Laghdaithe i nDeontas Stáit do ghníomhaíochtaí atréimhseacha.
2. Cosc ar Dheontais Stáit i gcomhair maoiniú d'infheistíochtaí caipitiúla, macasamhail trealam daingneáin agus feisteas. Laghdaítear ioncam de bharr an ghá atá le maoiniú a leithdháiliú do chuspóirí chaipitiúla atá ar fáil le gníomhaíochtaí atréimhseacha a mhaoiniú.
3. Cónascadh an Choláiste Turasóireachta, Na Cealla Beaga, leis an Institiúid le héifeacht ó Feabhra 2007

Tá an Institiúid ag plé go leanúnach leis an Údarás Ardoideachais agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an Institiúid ábalta gníomhaíochtaí oideachais agus eile a choinneáil ag dul ar aghaidh san am amach romhainn. Glacadh leis an bhunús mar ghnóthas leantach in ullmhú na ráitis airgeadais siocair go bhfuil go leor cúlchistí ag an Institiúid chun an caiteachas réamh-mheasta a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlíthe do thréimhse níos airde ná 12 mí ó cheadú ionchasach na ráitis airgeadais.

27. Ceadú na Ráitis Airgeadais

Cheadaigh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar an 3 Iúil 2014.